Gaelscoil na gCloch Liath

Nuachtlitir Meitheamh 2011

Nótaí

Dúnfaidh an scoil ar 12.00 Déardaoin 30 Meitheamh don Samhradh

The school will close at 12.00 on Thursday 30th June for the Summer Holidays.

Athosclóidh an Scoil ar 8.30 Dé Céadaoin 31ú Lúnasa 2011 don scoilbhliain nua.

The school will re-open at 8.30 on Wednesday 31st August 2011.

Beidh Oifig na scoile ar oscailt ó 9.00 go 12.30 Dé hAoine 1/7go hAoine 8/7 dóibh siúd gur mian leo an bille scoile a íoc.

The Office will be open from 9.00 till 12.30 Fri 1/7 to Fri 8/7 for those who wish to pay the school bill.

Focal Scoir!

Fuaireamar dea scéal le déanaí. Bhíomar ag fanacht ó 2009 le scéal go raibh Aitheantas Buan ón Roinn Oideachais faighte ag an scoil. Is í seo an chéim dheireannach i mbunú scoile. Fuaireamar an dea-scéal le linn na seachtaine - tá Aitheantas Buan faighte ag Ghaelscoil na gCloch Liath. Maith Sinn!

We received some long awaited news recently. Since 2009 we have been waiting to be awarded Permanent Recognition as a Primary School. This is the final step in the setting up of a school. We received confirmation this week that Gaelscoil na gCloch Liath has been awarded its Permanent Recognition - a noteworthy event! Well done to all involved in the school!

Creid nó ná creid ach tá an scoilbhliain seo ag druidim chun deiridh. Tá an ghriain ag déanamh iarrachta teacht amach chun a rá linn go bhfuil sé in am dúinn na leabhair a dhúnadh agus dul amach faoin aer.

Believe it or not, the school year is all but over. The sun is trying to tell us to close the books and go outside.

Tá bliain tapaidh taitneamhach caite againn le chéile, gan dabht. D'éirigh go han-mhaith leis na páistí agus ní raibh ort ach breathnú timpeall chun an ardchaighdeán oibre a fheiscint ar chrochadh.

We have certainly had a swift and satisfying year. The children have done very well this year and this could be seen regularly in their work that was displayed around the school.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na múinteoirí a d'oibrigh chomh dícheallach i rith na bliana leis na páistí agus a d'eagraigh imeachtaí ar nós Seachtain na Leabhar, Seachtain na Gaeilge, turais scoile agus lá spóirt i measc rudaí eile. Ba mhaith liom gach rath a ghuí ar Mhúinteoir Daithí agus é ag imeacht ar feadh bliana. Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh agus tairbhe as an mbliain agus feicfimid arís tú an bhliain dár gcionn.

I would like to thank the teachers for their hard work and dedication to the children and to the school. On top of their teaching duties, they organised a number of wonderful events such as Book Week, Seachtain na Gaeilge, the School tours and the sports day to name but a few. I would particularly like to thank Múinteoir Daithí for all his work over the past two years and wish him all the best on his career break. We look forward to seeing him again the following September.

Agus sibhse a thuistí, míle buíochas as ucht bhur dtacaíochta, cúnaimh agus rannpháirtíochta sna gníomhaíochtaí uilig a bhí ar siúl. Ta súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an Samhradh. Go raibh míle maith agaibh.

And finally thanks to you, the parents, for all you support, help and participation in school events that took place during the year. We hope you all have a wonderful summer. Go raibh mile maith agaibh.

Bhíomar ag spraoi!

Tháinig an ghrian amach nuair a chuala sí go raibh lá spraoi teaghlaigh ar siúl arís i mbliana. Bhí lá iontach ag páistí agus tuismitheoirí anseo sa scoil. Bhí rogha gníomhaíochtaí ann do chách idir spóirt is spraoi, péintéireacht aghaidhe agus seastáin earraí éagsúla.

The sun came out when it heard we were holding another Family Fun Day. Children and parents alike had a wonderful day here in the school. There were plenty of activities for everyone, including sport and games, face-painting and various stands.

Tháinig na páistí go dtí clós na scoile chun scipeáil a dhéanamh. Bhí gach páiste tar éis cleachtadh a dhéanamh ar an scipeál ar feadh tamaill roimhe agus d'éirigh go maith leo ar an lá. Bhain gach duine sult as an scipeáil — cuma an raibh siad ag scipéail nó ag breathnú!

Má tá cárta don scipeál urraithe sa bhaile, iarraim ort é a chur isteach ar scoil ar an Luan le do thoil. Go dtí seo tá €4500 bailithe againn ón Lá Spraoi agus ón Scipeáil.

If you have a sponsorship card for the skipathon at home, please send it into school on Monday. So far we have raised €4500 from the family day and the skipathon.

Míle buíochas!

The children came to the school yard for the skipathon. The children had been practicing for a while before and they were very good at it. Everyone enjoyed the skipathon—whether they took part or simply watched!

Ní tharlaíonn lá mar seo gan grúpa dícheallach díograsach taobh thiar de agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Coiste na dTuismitheoirí agus na tuismitheoirí uilig as an méid oibre a rinne siad chun lá taitneamhach a eagrú dúinn go léir.

These events do not take place without a hard-working, dedicated group of volunteers. Therefore we would like to thank the Parents' Association and all the parents for their hard work in creating such an enjoyable day for us all. ***Míle buíochas!***

Bord Bainistíochta

Rinneamar plé ar na nithe seo a leanas ar an 20 Meitheamh:

1. Aitheantas Buan
2. Déanadh faomhadh ar an bpolasaí Lóin Tinrimh - beidh sé ar fáil ar an ngréasán.
3. Buíochas do Choiste na dTuismitheoirí agus tuistí uilig na scoile as bhur gcuid tacaíochta.
4. Tuairisc Airgid na Scoile.

On 20th June the Board discussed:

1. *Permanent Recognition*
2. *Attendance Policy was ratified and will be available on the website.*
3. *Many thanks to the Parents Association and all the parent body for your continued support.*
4. *School's financial report.*

Ó Choiste na dTuismitheoirí

Seomra na dTuismitheoirí/Parents Room

Ná déan dearmad le bhur dtoil, aon leabhar nó dlúthdhiosca atá agat ón leabharlann a thabhairt ar ais.

Please return any books or CDs to the library in the Parents Room.

Tá roinnt plátaí/boscaí ó Sheastán na gCácaí a bhí ag an Lá Spraoi fágtha ar an mbord i Seomra na dTuistí.

Some plates /boxes from the cake sale at the Lá Spraoi have been left out on a table in the Parents Room. Please pop up and collect any time.

Dáta don Dialann/*Date for your Diary*



Pacáil Málaí, 10ú Meán Fómhair 2011, i Dunnes Stores, Cornelscourt. - *Bag Pack , 10th September 2011 in Dunnes Stores, Cornelscourt.*

Beimid ag lorg tuismitheoirí chun cuidiú leis an imeacht seo, mar sin cuir cúpla uair ar leataobh ar an Satharn sin, le bhur dtoil!

We will be looking for parents help with this fundraiser at the beginning of September, so please keep a few hours that Saturday free!

Leabhair/*Books*

Iarraim oraibh breathnú sa bhaile le haghaidh leabhair léitheoireachta scoile. Má aimsíonn tú aon cheann, iarraim oraibh é a thabhairt isteach ar scoil .

I would ask you to look at home for any English or Irish readers. If you find any, please return them to the school .

Dónal an Chlúimh

Bhain na Naíonáin Bheaga an-sult as an dráma a chuir siad ar siúl le déanaí agus ba léir gur bhain na tuismitheoirí taitneamh as freisin. D'oibrigh an dá rang le chéile go dian dícheallach chun an dráma a ullmhú agus léirigh siad a gcumas aisteoireachta ar an lá. Maith sibh!

The Junior Infants really enjoyed the play they performed recently and the parents clearly enjoyed it too. The two classes worked well together to prepare for the play and they displayed their dramatic talent wonderfully on the day! Maith sibh!

Turas Taitneamhach

Turas Naíonáin Bheaga

Bhain na N. Bheaga an-sult as an turas chuig feirm Airfield. Bhí deis acu breathnú ar an oiread sin ainmhí agus fiú roinnt bídh a thabhairt dóibh. B'iontach an lá a bhí acu.

The Jnr Infants really enjoyed their trip to Airfield farm. They saw a myriad of animals and were allowed to feed a few. It was a fantastic experience.

Turas Scoile Naíonán Mhóra

Deirtear nach 'é lá na báistí lá na bpáistí', ach n'fheadar an bhfuil bunús ar bith leis sin. An Aoine seo chaite d'imigh na Naíonáin Mhóra ar a dturas scoile go Gleann Dá Loch agus níor stop an bháisteach ag doirteadh anuas orthu ó thus go deireadh an lae. Bhain na páistí taitneamh thar cuimse as a bheith amuigh ag tóraíocht sa choill. D'aimsigh siad laghairt agus frog, is bhain siad úsáid as micreascóip agus gloinní méadaithe agus iad ag foghlaim faoi dhúlra na háite.

Last Friday, in the pouring rain, Naíonáin Mhóra headed off to Glendalough for their school tour. The children thoroughly enjoyed splashing about in the rain while they investigated the natural heritage, and followed a frog through the ferns. They used binoculars and magnifying glasses to further explore what they had found outside.

Turas Scoile Rang 1, 2 agus 3

Chuaigh muid go dtí an zú ar an Déardaoin. Chuaigh muid go Zú Átha Cliath. D'fhág muid an scoil ar 8.30. Shroich muid an zú ar 9.30. D'ith muid ár lón ag páirc spraoi. Chonaic muid eilifint, tíogar, srónbheannach, sioráf, rón, moncaí, sciathán leathair, simpeansaí, madraí fiáine, órangútan, liopard sneachta agus laisearáin. Chuaigh mo mham, Juliet, Jim, Sinéad, Múinteoir Daithí agus Múinteoir Tríona. Chuaigh muid go Teach na n-Éan. An t-ainmhí ab fhearr liom ná an simpeansaí.

Anraí Ó Crualaíoch